# Vacsaín Fliú

## Eolas do dhaoine atá i mbaol



AN VACSAÍN FLIÚ

Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.



# Eolas do dhaoine atá i mbaol 2023-2024

## Maidir leis an mbileog seo

Cuireann an bhileog seo eolas ar fáil maidir le vacsaín an fhliú shéasúraigh. Tá sí dírithe ar na daoine siúd ar chóir dóibh an vacsaín a fháil, cathain agus conas ar féidir í a fháil, mar aon le heolas áisiúil eile.

Léigh go cúramach í.

## Céard is fliú séasúrach ann?

Is breoiteacht an-ionfhabhtach é an fliú séasúrach, arb é an víreas fliú is cúis leis. Ionfhabhtaíonn an víreas na haerchonairí agus na scamhóga.

Scaiptear i measc an phobail é i rith an tséasúir fliú. De ghnáth, tosaíonn an séasúr fliú ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus críochnaíonn sé ag deireadh mhí Aibreáin.

## An féidir breoiteacht thromchúiseach a bheith ann mar thoradh ar an bhfliú?

**Is féidir**, is féidir leis an bhfliú a bheith ina chúis le breoiteacht thromchúiseach agus le haimhréidheanna sláinte a d’fhéadfadh duine a chur i mbaol a bháis, cuir i gcás an niúmóine, broincíteas agus, go fíorannamh, athlasadh na inchinne (einceifealaíteas).

Is féidir leis an bhfliú drochthionchar a bheith aige ar fhadhbanna ainsealacha sláinte freisin.

Is mó an seans go mbuailfidh na haimhréidheanna tromchúiseacha sin daoine áirithe, lena n-áirítear daoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine, mná torracha, agus daoine a bhfuil bunriocht sláinte orthu, amhail diaibéiteas agus galar ainsealach scamhóige.

## Cén difear atá ann idir slaghdán agus an fliú?

De ghnáth, tosaíonn slaghdán diaidh ar ndiaidh mar scornach thinn agus mar shrón phlúchta nó mar shrón atá ag sileadh agus is éadrom go maith iad na hairíonna de ghnáth.

Tagann airíonna fliú ar dhuine go tobann i bhfoirm fiabhrais, pianta sna matáin, tinneas cinn agus tuirse ollmhór. Uaireanta, bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir airíonna an fhliú agus airíonna COVID-19.

## Céard é an vacsaín fliú?

Táirge is ea vacsaín a chabhraíonn le córas imdhíonachta (córas cosanta) an choirp dul i gcoinne ionfhabhtuithe. Athraíonn na víris fliú ó bhliain go bliain agus mar sin de, athraítear an vacsaín fliú chun cosaint a chur ar fáil ar thréithchineálacha nua an víris fliú a bhfuiltear ag súil leo.

## Cén chaoi a n-oibríonn an vacsaín fliú?

Cabhraíonn an vacsaín fliú le do chóras imdhíonachta antasubstaintí (próitéin a théann i gcoinne ionfhabhtuithe) a chruthú. Má tá an vacsaín fliú faighte agat, agus má bhíonn teagmháil agat leis an víreas fliú, cosnaíonn an vacsaín ar an mbreoiteacht thú.

## Cé na daoine ar cheart dóibh an vacsaín fliú a fháil

Moltar an vacsaín fliú do na daoine seo a leanas:

- Daoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine
- Páistí idir 2 agus 17 bhliain d'aois (tá tuilleadh eolais le fáil i mbileog eolais FSS maidir leis an vacsaín fliú do pháistí)
- Mná torracha (tá tuilleadh eolais le fáil i mbileog eolais FSS maidir leis an vacsaín fliú do mhná torracha)
- Daoine (daoine fásta agus páistí) a bhfuil riochtaí fadtéarmacha sláinte orthu amhail diaibéiteas, riochtaí ainsealacha croí, riochtaí ae, riochtaí duáin, galar ainsealach scamhóige, lena n-áirítear COPD, nó galair néareolaíocha
- Daoine a bhfuil ailse orthu
- Daoine atá ar chóireáil aspairín fadtéarmach
- Daoine a bhfuil a gcóras imdhíonachta lagaithe mar gheall ar ghalar nó cóireáil
- Daoine a bhfuil murtall orthu agus a bhfuil innéacs corpmhaise (BMI) os cionn 40 acu
- Daoine a bhfuil siondróm Downes orthu
- Daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithe altranais agus in institiúidí cúraim fadchónaithe eile
- Oibrithe cúraim sláinte
- Cúramóirí
- Daoine a chónaíonn le duine ar bith atá i mbaol ionfhabhtuithe fliú de bharr riocht sláinte
- Daoine a mbíonn dlúth-theagmháil rialta acu le héanlaith chlóis, éanlaith uisce nó muca.

## Cad iad na vacsaíní fliú atá ar fáil an séasúr fliú seo?

Cuirfidh clár vacsaínithe fliú shéasúraigh FSS 2024/2024 3 vacsaín ar fáil:

- an Vacsaín Fliú Cheathairfhiúsach (víorón scoilte, díghníomhaithe) déanta ag Sanofi Pasteur do dhaoine le fadhbanna fadtéarmacha agus do dhaoine 65 bliain d'aois nó os a chionn
- Influvac Tetra, déanta ag Mylan do dhaoine le fadhbanna fadtéarmacha agus daoine 65 bliain d'aois nó os a chionn
- an vacsaín Fliú fuaidreáin sprae sróine Fluenz Tetra (caolaithe beo, sróine) á monarú ag Astrazeneca AB do pháistí idir 2 agus 17 mbliana d'aois

## Cad chuige a bhfuil an vacsaín fliú de dhíth ar dhaoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn?

Tá baol níos mó ann go mbeidh tinneas tromchúiseach, seal san ospidéal nó an bás i gceist leis an fhliú i gcás daoine atá 65 bliana agus os a chionn. Tá an vacsaín fliú ar an chosaint is fearr i gcoinne an fhliú. An séasúr fliú seo, cuirfear vacsaín fliú Fluad Tetra ar fáil dóibhsean atá 65 bliana agus os a chionn.

I gcás daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn, vacsaín níos éifeachtaí atá anseo.

Tá tuilleadh eolais le fáil i mbileog eolais FSS maidir leis an vacsaín fliú do dhaoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn.

## Cén fáth a gcaithfidh mná atá ag iompar clainne an vacsaín fliú a fháil?

Má tá tú ag iompar clainne, is mó an baol go dtiocfadh aimhréidheanna ort mar gheall ar an bhfliú. Is féidir leis an bhfliú dul i bhfeidhm ar do leanbh. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le breith anabaí, breith réamhaibí nó marbh-bhreith fiú, mar shampla.

Cosnaíonn an vacsaín fliú mná atá ag iompar clainne i rith a dtoirchis agus cuireann sí cosaint ar fáil dá mbabaithe nuabheirthe freisin i rith na gcéad mhíonna dá saol.

Má tá tú ag iompar clainne, léigh bileog fliú FSS do mhná torracha.

## Cé chomh sábháilte is atá an vacsaín fliú?

Tá an vacsaín fliú an-sábháilte. Tá vacsaíní fliú á dtabhairt le breis is 60 bliain anuas do na milliúin duine ar fud an domhain.

## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?



Is éadrom go maith iad na fo-iarmhairtí coitianta a tharlaíonn. D'fhéadfadh fo-iarmhairtí, lena n-áirítear tinneas, deirge nó at teacht ort san áit inar tugadh an t-ionfhabhtú duit, tar éis duit an vacsaín a fháil. D'fhéadfadh tinneas cinn, matáin phianmhara nó tuirse teacht ort chomh maith. D'fhéadfadh na fo-iarmhairtí sin a bheith ort ar feadh cúpla lá.

Is annamh a bhíonn frithghníomhuithe tromchúiseacha ann; buaileann frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach duine as gach milliún.

## An féidir leis an vacsaín fliú an fliú a chur orm?

**Ní féidir**. Níl féidir leis an víreas fliú an fliú a chur ort.

## Cén fáth a dteastaíonn vacsaín an fhliú uaim gach bliain?

Gach bliain athraíonn na víris fliú a scaiptear, agus mar sin athraíonn comhdhéanamh vacsaín an fhliú gach bliain chun cosaint a thabhairt in aghaidh na cineálacha nua víreas fliú a bhfuiltear ag súil leo.

Cosnaíonn vacsaín an fhliú in aghaidh 4 chineál víreas fliú atá ag dul timpeall.

## Cá fhad a thógann sé go dtí go dtosóidh an vacsaín ag obair?

Tosóidh an vacsaín ag obair taobh istigh de dhá sheachtain.



## An gcosnóidh an vacsaín fliú ar COVID-19 mé?

**Ní chosnóidh.** Ní chosnaíonn an vacsaín fliú daoine ar COVID-19. Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú agus an vacsaín in éadan COVID-19 araon a fháil. Is amhlaidh sin toisc gur víris éagsúla is cúis leis an Fhliú agus le COVID-19.

Thig leis an fhliú agus le COVID-19 a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach agus, má thagann siad ort, seans go mbeidh ort dul isteach chun an ospidéil. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí sóirt an fhliú agus comharthaí sóirt COVID-19.

Más rud é gur tugadh an vacsaín in éadan COVID-19 duit, ba cheart an vacsaín fliú a fháil chomh maith go fóill.

Is féidir leat vacsaín in éadan COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú má chuirtear ar fáil duit í.

## Cé na daoine nár cheart dóibh an vacsaín fliú a fháil?

Má tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) ort roimhe seo i leith dáileog den vacsaín fliú nó i leith ceann ar bith dá comhábhair, níor cheart duit an vacsaín fliú a fháil.

Níor chóir duit an vacsaín fliú a fháil má tá dhá chógais á dtógáil agat ar a dtugtar coscairí seicphointe comhchineálacha (cuir i gcás ipilimumab agus nivolumab) a úsáidtear i gcóireáil ailse.

Níor cheart dóibh siúd a bhfuil neodrópéine trom orthu (sórt fuilchealla bhán ar leibhéil íseal) aon vacsaín fliú a fháil; seachas iad siúd a bhfuil neodrópéine uath-imdhíonachta príomhúil orthu.

## Céard faoi dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu?

Is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu an vacsaín fliú a bheith acu. Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir faoi.

## Cathain ar chóir duit an vacsaín fliú a chur siar ar chúis éigin?

Is beag fáth atá ann go ndéanfaí an vacsaíniú fliú a chur siar. Má tá tú breoite, agus má tá do theocht os cionn 38°C, tá seans ann go gcaithfí an vacsaíniú a chur siar go dtí go mbeadh biseach ort.

## Cá háit ar féidir liom an vacsaín fliú a fháil má táim i gceann de na grúpaí a moltar an vacsaín dóibh?

Tá an vacsaín fliú le fáil ó do dhochtúir teaghlaigh nó do chógaiseoir.

Más oibrí cúraim sláinte tú, seans go gcuirfidh do láthair oibre an vacsaín ar fáil ag an obair.

## Cé mhéad a chosnaíonn an vacsaín fliú?

Tá an vacsaín fliú agus an comhairliúchán le do dhochtúir teaghlaigh nó do chógaiseoir saor in aisce sa chás go moltar duit é a fháil.

Socraigh coinne le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir anois.

## Nod: Vacsaín niúmacocúil

Má tá tú 65 bliana d’aois nó níos sine, nó má tá riocht fadtéarmach sláinte ort, ba chóir duit ceist a chur ar do dhochtúir teaghlaigh nó ar do chógaiseoir faoin vacsaín niúmacocúil, a chosnaíonn ar an niúmóine. Is gnách nach gá duit an vacsaín niúmacocúil a fháil ach uair amháin. Is féidir an vacsaín a fháil ar an lá céanna leis an vacsaín fliú.



Le haghaidh tuilleadh eolais, féach:
**www.hse.ie/flu**

Is féidir leat nasc leis an mbileog faisnéise d'othair maidir leis an vacsaín a fháil freisin ag **www.hpra.ie**. Déan cuardach ar Vacsaín Fliú Cheathairfhiúsach (víorón scoilte, díghníomhaithe) nó Influvac Tetra.



**Ráiteas Príobháideachais:** Chun vacsaín a thabhairt go sábháilte agus chun an rialachas cuí le haghaidh monatóireachta agus bainistiú vacsaíní a thaifead beidh ar an FSS sonraithe pearsanta do pháiste a phróiseáil. Próiseálfar an dáta uilig atá ag an FSS de réir an reachtaíocht cosaint sonraí éagsúla lena n-áirítear, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018, an Rialachán (AE) 2016/1679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS) agus an tAcht um Aitheantóirí Sláinte 2014. Próiseálfar socruithe pearsanta do pháistí go dleathach agus go cothrom. Ní dhéanfar iad a phróiseáil ach chun críocha sonracha lena n-áirítear, chun na vacsaíní a bhainistiú, chun cláir vacsaínithe a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh air, chun cliaint a bhailíochtú agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.

**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**www.hse.ie/flu**
**Cód Ordaithe: HNI00719**
**Meán Fómhair 2024**

AN VACSAÍN FLIÚ
Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.